**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillear marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2003

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

| Do scrúdaitheoirí amháin | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | |
| | |
| Roinn B **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **IOMLÁN** ➔ | |
| **GRÁD** ➔ | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc
   Freagair (fiche) 20 ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair (ceithre) 4 cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# <u>ROINN A</u>
# <u>80 marc</u>

**Freagair 20 (<u>fiche</u>) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ainmnigh **<u>ceithre</u>** bhia ar foinsí maithe de phróítéin ar ardluach bitheolaíoch iad.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**2.** Liostaigh **<u>ceithre</u>** thoisc a mbíonn tionchar acu ar riachtanais fuinnimh duine.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**3.** Luaigh bia **<u>difrúil</u>** atá oiriúnach do **<u>gach ceann</u>** de na modhanna cócaireachta atá liostaithe anseo thíos:

| MODH CÓCAIREACHTA | BIA OIRIÚNACH |
|---|---|
| **(i)** Brúchócaireacht | **(i)** |
| **(ii)** Scalladh | **(ii)** |
| **(iii)** Bruith | **(iii)** |
| **(iv)** Suathfhriochadh | **(iv)** |

**4.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **table d'hôte** ________________________________

________________________________________

**(ii)** **à la carte** ________________________________

________________________________________

**5.** Rianaigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le milleadh bia.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**6.** Luaigh **dhá** thionchar atá ag cócaireacht ar ghránaigh.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**7.** Luaigh **ceithre** fhoinse eolais do thomhaltóirí.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**8.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



____________________

____________________

____________________

**9.** Liostaigh **ceithre** fheidhm atá ag fógraíocht.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(iv)** ____________________

**10.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le córas comhdúcháin tí a úsáid.

**(i)** ____________________

____________________

**(ii)** ____________________

____________________

**11.** Cén fheidhm atá ag an ***gciseal ózóin***? ______________________________

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Cad iad na tosca a bhfuil baint acu le folláine dhéagóirí ó thaobh mothúchán de?

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**13.** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá ag an gcraiceann.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**14.** Luaigh **<u>dhá</u>** shochar a bhaineann le haclaíocht rialta.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**15.** Ainmnigh comhábhar **<u>amháin</u>** den fhuil agus luaigh an fheidhm atá aige.

Comhábhar na fola ______________________________________________

Feidhm ______________________________________________

**16.** Luaigh **<u>dhá</u>** chúis a gcuirtear doirteal cistine faoi fhuinneog de ghnáth.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**17.** Ainmnigh fearas leictreach **<u>difriúil</u>** faoi **<u>gach</u>** ceannteideal díobh seo a leanas:

| FEARAS LE MÓTAR | FEARAS LE hEILIMINT TEASA |
|---|---|
| | |

**18.** Luaigh **<u>dhá</u>** bhuntáiste a bhaineann le córas théamh lárnach tí a úsáid.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**19.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** de na téarmaí seo a leanas maidir le pleanáil seomra:

**(i) coibhneas** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii) béim** ______________________________________________

______________________________________________

**20.** Liostaigh **<u>ceithre</u>** mhír eolais a mbeadh súil agat leo ar lipéad cúraim a bheadh feistithe de phéire jeans.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**21.** Mol úsáid **<u>dhifriúil</u>** atá ag **<u>gach ceann</u>** de na fabraicí seo a leanas:

**(i)** líocra ______________________________

**(ii)** poileistear ______________________________

**22.** Luaigh fáth a d'fhéadfadh a bheith le **<u>gach ceann</u>** de na fabhtanna seo le linn innealfhuála.

| FABHT | FÁTH A D'FHÉADFADH A BHEITH I GCEIST |
|---|---|
| **(i)** Greamanna míchothroma | **(i)** |
| **(ii)** Greamanna lúbacha | **(ii)** |

**23.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **fiar** ______________________________

______________________________

**(ii)** **dlúthchiumhais** ______________________________

______________________________

**24.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** mhodh chun uaim chothrom a néatú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

S39T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2003

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 13 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA**

Freagair **CEITHRE** (4) cheist as an roinn seo; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## **ROINN B**
## **220 Marc**

**1.** Seo a leanas oideas d'anlann cáise baile.

***Anlann Cáise Baile***
***Comhábhair***

| | |
|---|---|
| 25g margaraín | 50g cáis ghrátáilte Cheddar |
| 25g plúr | ¼ taespúnóg mustaird |
| 500mls bainne | salann, piobar |

**(a)** Bunaithe ar na comhábhair atá liostaithe thuas:

**(i)** luacháil an luach cothaitheach atá ag anlann cáise baile;

**(ii)** sainaithin na comhábhair a chuirtear le chéile chun roux a dhéanamh.

**(b)** Ainmnigh **trí** mhias ina bhfuil anlann cáise mar chuid de na príomh-chomhábhair.

**(c)** Luaigh **ceithre** chúis ar féidir anlainn a úsáid chun gabháil le bia.

**(d)** Mol anlann **difriúil** a riartar go traidisiúnta le **gach ceann** de na feolta rósta seo a leanas:
**(i)** turcaí;
**(ii)** uaineoil;
**(iii)** muiceoil.

**(e)** Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le hanlainn áise a úsáid.

**2.** Tá an róraimhre ina baol mór don tsláinte anois.

**(a)** Rianaigh na fáthanna atá le róraimhre.

**(b)** Liostaigh **ceithre** fhadhb sláinte atá luaite le róraimhre.

**(c)** Mol **ceithre** threoirlíne maidir le hithe go folláin ar chóir iad a leanúint chun an baol a bhaineann le róraimhre a mhaolú.

**(d)** Pleanáil foireann oideas ar feadh lae atá oiriúnach do dhuine fásta róramhar.

**(e)** Mínigh an téarma ***cileachalraí folmha.***

**3.** **(a)** Luaigh an tábhacht a bhaineann le buiséadú.

**(b)** Rianaigh na céimeanna a bhaineann le buiséad teaghlaigh a phleanáil.

**(c)** Mol **ceithre** threoirlíne ar chóir iad a leanúint agus siopadóireacht á dhéanamh agat.

**(d)** **(i)** Liostaigh **trí** mhodh chun íoc as earraí agus as seirbhísí.

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le **gach ceann** de na modhanna íocaíochta atá liostaithe agat.

**4.** **(a)** Luaigh an fheidhm atá ag **gach ceann** de na codanna seo a leanas den chóras díleáite:

**(i)** an béal;
**(ii)** an bolg;
**(iii)** an stéig bheag.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** athrú fhisiciúla agus ar **dhá** athrú cheimiceacha a tharlaíonn le linn díleá.

**(c)** Mínigh cad is brí le ***himfhású scadh***.

**(d)** Cén ról atá ag snáithín sa díleá?

**5.** **(a)** Liostaigh **ceithre** ghné de chócaireáin nua-aimseartha agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** gné díobh.

**(b)** Luaigh **trí** threoirlíne ba chóir a leanúint agus cócaireán á lonnú i gcistin agat.

**(c)** Liostaigh na modhanna a bhaineann le traschur teasa.

**(d)** Mol **trí** mhodh chun fuinneamh a shábháil agus cócaireán á úsáid agat.

**(e)** Mínigh an fheidhm atá ag teirmeastat.

**6.** **(a)** Pléigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus bogfheistis á roghnú don teach agat.

**(b)** Luaigh **ceithre** fheidhm atá ag cuirtíní.

**(c)** Liostaigh **trí** airí inmhianaithe atá ag teicstílí agus a dhéanfadh oiriúnach do chuirtíní iad.

**(d)** Ainmnigh **dhá** bhogfheisteas, seachas cuirtíní, atá oiriúnach, dar leat, do sheomra suí.

**(e)** **(i)** Mínigh an bhrí atá le ***bailchríoch fhabraice.***

**(ii)** Mol **dhá** bhailchríoch fhabraice a d'fhéadfaí a chur ar theicstílí le go n-úsáidfí iad i mbogfheistis.